C/2024/2854

8.5.2024

P9_TA(2023)0392

Dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL)

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 9 Samhain 2023 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2012/19/AE maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL) (COM(2023)0063 – C9-0016/2023 – 2023/0025(COD)) [1]

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(C/2024/2854)

Leasú 1

Togra le haghaidh treorach

Aithris 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4a) Chinn an Chúirt freisin nach mór dlí an Aontais a léirmhíniú chun go gciallaíonn sé nach sárú ar dhlí an Aontais é reachtaíocht a ghlacadh atá contrártha le treoir ón Aontas sular glacadh an treoir sin, ós rud é nach féidir a mheas go bhfuil baint amach an toraidh a fhorordaítear leis an treoir i mbaol tromchúiseach sula bhfuil an treoir ina cuid de dhlíchóras an Aontais.

Leasú 2

Togra le haghaidh treorach

Aithris 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9a) Chun prionsabal na deimhneachta dlíthiúla a chaomhnú in athbhreithnithe amach anseo ar Threoir 2012/19/AE, tá sé

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 59(4), an ceathrú fomhír (A9-0311/2023).

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	tábhachtach aird áirithe a thabhairt ar ghlacadh aon fhorála a chosc a bhféadfadh éifeachtaí cúlghabhálacha gan údar maith a bheith aici. Tá sé riachtanach soiléireacht agus intuarthacht a thabhairt do tháirgeoirí TLL, i dtaobh na ndálaí oibriúcháin a bhí i bhfeidhm nuair a cuireadh a dtáirgí ar an margadh. Cuidíonn an cur chuige sin go seachnófaí an riosca go dtabhófar costais dhothuartha a bhaineann le bainistiú DTLL sa todhchaí. Thairis sin, ba cheart go n-urramófaí ord na réiteach dramhaíola leis na hathbhreithnithe sin arna leagan síos in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE.

Leasú 3

Togra le haghaidh treorach

Aithris 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10a) Tagann de chóireáil lochtach ar phainéil fhótavoltacha dramhaíola agus raon feidhme oscailte DTLL, drochthionchair shuntasacha ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú go ndéanfar painéil fhótavoltacha a chóireáil go cuí agus go ndéanfar gnóthú dramhaíola ó phainéil fhótavoltacha ag deireadh a saolré a uasmhéadú. Gan dochar do na hathruithe ar na hoibleagáidí airgeadais is gá chun bailiú agus cóireáil painéal fótavoltach dramhaíola a cuireadh ar an margadh roimh an 13 Lúnasa 2012 agus bailiú agus cóireáil dramhaíola ó gach raon feidhme oscailte TLL a cuireadh ar an margadh roimh an 15 Lúnasa 2018 a tugadh isteach leis an Treoir seo a chumhdach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar DTLL gaolmhar a bhainistiú ar shlí atá fónta ó thaobh an chomhshaoil. Féadfaidh na Ballstáit

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	táirgeoirí a spreagadh, trína scéimeanna freagrachta táirgeoirí leathnaithe aonair nó comhchoiteanna chun DTLL stairiúil gaolmhar na bpainéal fótavoltach agus raon feidhme oscailte TLL a bhailiú agus a chóireáil i gceart.

Leasú 4

Togra le haghaidh treorach

Aithris 10 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10b) Agus Treoir 2012/19/AE á hathbhreithniú, agus ag díriú ar a heasnaimh, tá sé ríthábhachtach a áirithiú nach n-aistreofar costais bhainistiú DTLL go díréireach chuig tomhaltóirí ná saoránaigh. Áirítear leis sin an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a chur san áireamh, lena ndírítear ar fhorálacha féideartha a bhaineann le spriocanna bailithe DTLL agus cloí le hord na réiteach dramhaíola mar a leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE.

Leasú 5

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 (nua)

Treoir 2012/19/AE

Airteagal 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-1) Cuirtear an tAirteagal 2a seo a leanas leis:
	'Airteagal 2a
	1. Tráth nach déanaí ná [31 Nollaig 2026], déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá atá le hathbhreithniú ar an Treoir seo agus, i gcás gurb iomchuí, tíolacfaidh sé togra reachtach ina leith sin, a mbeidh measúnú críochnúil ar an tionchar socheacnamaíoch agus comhshaoil ag gabháil leis.
	2. Sa mheasúnú tionchair, déanfaidh an Coimisiún measúnú go háirithe ar an méid seo a leanas:
	(a) forálacha a áirithíonn go sonrach go gcloítear le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus nach bhfuil aon fhoráil ann a bhféadfadh éifeacht chúlghabhálach gan údar maith a bheith ag gabháil léi in aon Bhallstát;
	(b) forálacha chun cur chun feidhme ord na réiteach dramhaíola a áirithiú arna leagan síos in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE.
	(c) forálacha chun a áirithiú nach gcuirfear costais dhíréireacha ar shaoránaigh agus ar thomhaltóirí, i gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as;
	(d) forálacha lena n-áirithítear cur chun feidhme agus forfheidhmiú iomlán na Treorach seo, go háirithe maidir le spriocanna bailithe dóthanacha, chomh maith le trádáil neamhdhleathach DTLL a chosc;
	(e) catagóir nua 'painéil fhótavoltacha' a chruthú faoin Treoir seo arb é is aidhm di painéil fhótavoltacha a dhícheangal ó chatagóir 4 DTLL láithreach, 'trealamh mór', dá dtagraítear in Iarscríbhinní III agus IV, agus na spriocanna bailithe a ríomh ar bhonn painéil fhótavoltacha dramhaíola atá ar fáil lena mbailiú bunaithe ar a saolré réamh-mheasta, seachas ar chainníocht na dtáirgí a chuirtear ar an margadh;

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(f) sásra a bhunú chun a áirithiú, i gcás chliseadh nó leachtú an táirgeora, go gcumhdófar ó thaobh airgeadais de na costais amach anseo ó thaobh bailiú, cóireáil, gnóthú agus diúscairt dramhaíola atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de ó phainéil fhótavoltacha ó theaghlaigh phríobháideacha agus ó úsáideoirí araon seachas teaghlaigh phríobháideacha.'

Leasú 6

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 a (nua)

Treoir 2012/19/AE

Airteagal 13 – mír 1 – fomhír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2a) in Airteagal 13(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:
Maidir le táirgí nua coibhéiseacha nó táirgí nua a bhfuil an fheidhm chéanna acu a chur in ionad dramhaíl stairiúil, déanfaidh táirgeoirí na dtáirgí sin foráil do mhaoiniú na gcostas agus iad á soláthar acu. Féadfaidh na Ballstáit, mar mhodh malartach, foráil a dhéanamh go gcuirfear an fhreagracht ar úsáideoirí nach teaghlaigh phríobháideacha iad, go páirteach nó go hiomlán, as an maoiniú seo.	**'**Déanfaidh táirgeoirí na dtáirgí sin foráil do mhaoiniú na gcostas **ó DTLL stairiúil ('dramhaíl stairiúil'), a eascraíonn as TLL amhail dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(a) seachas painéil fhótavoltacha, a bhfuil táirgí nua coibhéiseacha nó táirgí a bhfuil an fheidhm chéanna acu á gcur ina n-ionad** agus iad á soláthar acu. Féadfaidh na Ballstáit, mar mhodh malartach, foráil a dhéanamh go gcuirfear an fhreagracht ar úsáideoirí nach teaghlaigh phríobháideacha iad, go páirteach nó go hiomlán, as an maoiniú seo.**'**

Leasú 7

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 b (nua)

Treoir 2012/19/AE

Airteagal 13 – mír 1 – fomhír 3

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2 b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír d'Airteagal 13(1):
Maidir le dramhaíl stairiúil eile, déanfaidh úsáideoirí nach teaghlaigh phríobháideacha iad foráil do mhaoiniú na gcostas.	**'**Maidir le dramhaíl stairiúil eile **a eascraíonn as TLL amhail dá dtagraítear in Airteagal 2(1) pointe (a) seachas painéil fhótavoltacha**, déanfaidh úsáideoirí nach teaghlaigh phríobháideacha iad foráil do mhaoiniú na gcostas.**'**

Leasú 8

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh**, déanfaidh na Ballstáit iad** a thabhairt i bhfeidhm faoin **[bliain** tar éis **theacht i bhfeidhm na Treorach]** ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.	**Déanfaidh** na **Ballstáit na** forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin **[18 mí** tar éis **don Treoir seo teacht i bhfeidhm]** ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.